# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais TUSLA:** | TU2021GY003 |
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra Realt na Mara |
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Scoil na bhForbacha, Cnocán an Bhodaigh, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe. |
| **Eirchód:** | H91 RR60 |
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Áine Ní Thuáthail |
| **Cineál na Seirbhíse** | Seisiúnach |
| **Dáta na Cigireachta:** | 28/03/2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 19 | PM | n/b |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:** | Tusla - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach,<br>Cigireacht Luathbhlianta, An Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta,<br>Foirgneamh Cliniciúil & Riaracháin,<br>Bloc A- (An Chéad Chonair Urlár-Glas),<br>Páirc Mhuirlinne, Co.na Gaillimhe. |
| **Cigireacht déanta ag:** | F. Nic Dhonnacha & Fergal Duffy Bainisteoir Cigireachta agus Rialála |
| **Teideal :** | Cigirí na Luathbhlianta |

| **Údarás chun cigireacht a dhéanamh** |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| Coinníollacha, má bhaineann le hábhar | Not Applicable |
|---|---|

## Cur síos ar an tseirbhís

Tá an tseirbhís seisiúnach seo lonnaithe in áitreabh saintógtha ar thailte Scoil na bhForbacha, i sráidbhaile na bhForbacha, i gContae na Gaillimhe. Tá seomra súgartha amháin sa réamhscoil, le hoifig agus limistéir sláintíochta in aice láimhe. Cuireann an réamhscoil Cúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE) agus clár cúraim seisiúnach ar fáil ó idir 9.00r.n agus 12.00i.n ó Luan go hAoine.  Cuirtear an tseirbhís réamhscoile ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá limistéar scíthe ciúin ar fáil sa seomra súgartha, chun ait a thabhairt do na paistí scíth a ligean nó eirigh as gníomhaíochtaí agus briseadh a thógáil. Tá teacht easca ag na páistí réamhscoile ar limistéar súgartha slán lasmuigh ar thaobh an áitribh le haghaidh gníomhaíochtaí súgartha fisiciúla do pháistí, taiscéalaíocht agus aer úr. Cuirtear curaclam spraoi ar fáil atá dírithe ar spéiseanna na bpáistí atá ag teacht chun cinn.

## Soláthar foirne

Tá an soláthraí cláraithe neamh-uimhriúl, oibríonn sí sa scoil agus níl sí sa tseirbhís réamhscoile ar bhonn laethúil. Tá beirt fhoireann san iomlán sa réamhscoil, gan an soláthraí cláraithe san áireamh. Tá cáilíochtaí ag an fhoireann atá ag obair san áitreabh faoi láthair le Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag Cúram agus Oideachas Luath-Óige Leibhéal 5 ar laghad.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo.

Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís
- Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:
- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díríodh ar rialachas sláinte, folláine agus forbairt an linbh agus sábháilteacht lena linn. Féadfaidh cigireacht díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Dhírigh an chigireacht ar scrúdú comhlíontadh,

Rialachán 9 Bainistiú agus earcaíocht

Rialachán 11 Leibhéil foirne

Rialachán 15 Taifead ar leanbh réamhscoile

Rialachán 19 Leas Sláinte agus Forbairt Leanaí

Rialachán 25 Garchabhair

Rialachán 26 Sábháilteacht ó Dhóiteán

Rialachán 28 Árachas

Le linn an chigireacht sainaithníodh neamhchomhlíonadh breise a raibh riosca ag baint leis faoi Rialachán 23 Sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí a chosaint. Leagtar amach na torthaí sin laistigh den rialachán ábhartha laistigh den tuarascáil seo.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

| Buíochas |
|---|
| Is mian leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an soláthraí cláraithe, leis an duine i gceannas, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad. |

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*<br>*(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*<br>*(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus* |
| *(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*<br>*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*<br>*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*<br>*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*<br>*(d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.* |
| |
| *(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.* |

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1)(a) Ba í an soláthraí cláraithe an duine a bhí i gceannas agus bhí bainisteoir agus ionadaí ainmnithe ar fáil sa tseirbhís.

(b) Thainig an soláthraí cláraithe ag an réamhscoil nuair a tháinig na cigirí luathbhlianta le haghaidh réamhrá agus d'fhill sí ar an gcruinniú aiseolais. Thug uainchláir na foirne le fios go raibh an bainisteoir nó an duine i gceannas nó an t-ionadaí ar fáil, san áitreabh, le linn uaireanta oscailte na seirbhíse réamhscoile.

(2) Déanadh athbhreithniú ar thrí chomhad foirne sa tseirbhís ar lá na cigireachta. San áireamh bhí an bheirt fhoireann agus an soláthraí cláraithe.

(a) Bhí cúig cinn de na sé thagairt scríofa bailíochtaithe ar chomhad ó iarfhostóir.

(b) Bhí ceann de na sé thagairt bailíochtaithe scríofa ar chomhad ó fhoinse seachas an t-iarfhostóir.

(c) Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána don bheirt fhoireann agus don soláthraí cláraithe. Mar sin féin, níor chloígh an tseirbhís leis na frámaí ama ath-ghrinnfhiosrúcháin mar atá leagtha amach sa Chigireacht Luathbhlianta Rialála Fógra á cheangal ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a athnuachan gach trí bliana. Féach an t-eolas le do thoil leagtar amach faoi rialachán 23 den tuarascáil seo.

(d) Níl sé infheidhme, toisc nach raibh aon fhoireann ina gcónaí lasmuigh den dlínse, ar feadh níos faide ná 6 mhí, agus os cionn aoise 18 mbliana agus dá bhrí sin níor ghá grinnfhiosrúchán póilíní.

(4) Bhí beirt bhaill foirne agus an soláthraí cláraithe i seilbh Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag Leibhéal 5 ar a laghad, i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige. Bhí cóipeanna de cháilíochtaí ar chomhad le haghaidh an dá fhoireann agus an soláthraí cláraithe.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéil Foirne

*(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(3) Faoi réir mhír (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.*

*(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*

*(c) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí, i gcás go bhfuil an tseirbhís á hoibriú ag an duine i bhfeighil ina aonar nó ina haonar, go mbeidh an dara duine, atá eolach ar seirbhíse agus i riocht*

*cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil chun an tseirbhís a oibriú, i gcóngar gairid don tseirbhís agus ar fáil chun freastal ar an tseirbhís i gcónaí d'fhonn cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil i gcás éigeandála.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Le linn thréimhse na hiniúchta, chinntigh an duine a bhí I gceannas go raibh líon leordhóthanach foirne ag obair go díreach leis na leanaí.

(3) Léirigh fianaise dhoiciméadach i bhfoirm taifid tinrimh agus uainchláir foirne gur cloíodh le cóimheasa leanaí agus daoine fásta.

Ar maidin na cigireachta, bhí naoi bpáiste réamhscoile déag idir 3 agus 5 bliana d'aois.

Bhí beirt fhoireann cúram leanaí ag obair go díreach leis na páistí. Ina theannta sin, oibríonn an soláthraí cláraithe sa scoil náisiúnta agus chabhraigh sí le roinnt riaracháin na cigireachta.

(8)(c) Ní dhéantar an tseirbhís a oibriú ina aonar. Tá duine ainmnithe i bhfeighil agus tá baill foirne breise ag obair sa tseirbhís réamhscoile.

## Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

### Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach go gcoimeádfar taifead i scríbhinn i leith gach linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:*

*(a) ainm agus dáta breithe an linbh;*

*(b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;*

*(c) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;*

*(d) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra leis an leanbh agus uimhir theileafóin lenar féidir dul i dteagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;*

*(e) údarú chun an leanbh a bhailiú;*

*(f) mionsonraí aon bhreoiteachta, aon mhíchumais, aon ailléirge nó aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisnéis go léir is iomchuí maidir le cúram nó aire speisialta a sholáthar;*

*(g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;*

*(h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;*

*(i) toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir chun cóireáil chuí liachta a chur ar an leanbh i gcás éigeandála.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Roghnaíodh deich thaifead do naoi gcinn déag do thaifid randamacha le páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís agus déanadh athbhreithniú orthu. Bhí na sonraí seo a leanas sna taifid a ndearnadh athbhreithniú orthu:

(a) Ainm agus dáta breithe gach linbh.

(b) An dáta a d'fhreastail gach leanbh ar an tseirbhís den chéad uair.

(c) Bhí limistéar ar an bhfoirm chlárúcháin ina ndéanfar an dáta a chriochnaigh leanbh ag freastal ar an tseirbhís a thaifeadadh.

(d) Taifeadadh ainmneacha, seoltaí agus uimhir theileafóin na dtuismitheoirí agus bhí faisnéis ar fáil freisin inar féidir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse.

(e) Bhí ainmneacha agus sonraí teagmhála daoine fásta eile a bhí údaraithe chun leanaí a bhailiú ar fáil.

(f) Thacaigh na cáipéisí atá ar fáil le tinnis, ailléirgí, míchumais agus roghanna aiste bia sonracha do leanaí a thaifeadadh.

(g) Taifeadadh ainm, seoladh agus uimhir theileafóin gach dochtúir teaghlaigh do gach linbh.

(h) Thug tuismitheoirí le fios cé na vacsaínithe a fuair a gcuid leanaí.

(i) Bhí toiliú tuismitheora i scríbhinn ann chun cóireáil leighis a chur ar leanaí i gcás éigeandála.

## Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

### Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*

*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

**Basic Needs(1)(a)**

1. Bhí polasaí bia sláintiúil ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí le breathnú orthu más gá. Bhí bia agus deochanna oiriúnacha agus éagsúla leordhóthanach le feicéal ar lá na cigireachta. Chuir tuismitheoirí an bia ar fáil do na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís seisiúnach. Thug na cigirí faoi deara go raibh éagsúlacht do thorthaí, ceapairí liamhás agus cáise, cácaí ríse, iógart, arán donn agus glasraí ar fáil ag na páistí. Bhí a bhuidéal uisce féin ar fáil ag gach páiste i rith an tseisiúin. Stóráladh earraí meatacha ó bhoscaí

lóin na bpáistí sa chuisneoir seirbhíse. Shuigh an fhoireann leis na páistí agus d'ith siad a gcuid sneaiceanna agus iad ag comhrá leis na páistí ag an am céanna.

- Rinne an fhoireann maoirseacht ar na páistí réamhscoile nuair a nigh siad a gcuid lámha roimh ithe, tar éis dóibh a srón a shéideadh, tar éis súgartha mí shlachtmhar agus tar éis dul ag an leithris.
- Bhí na páistí ar fad neamhspleach agus bhain siad úsáid as an leithreas le beagán cúnamh nó le maoirseacht ón bhfoireann más bhí gá.
- Bhí saoirseacht ag na páistí bogadh timpeall sa seomra súgartha sna limistéir spéise éagsúla.
- D'imir na páistí go léir sa limistéar súgartha lasmuigh le linn tréimhse na cigireachta agus iad faoi mhaoirseacht na foirne i gcónaí.
- Bhí éadaí, cótaí agus hataí breise ar fáil do na páistí, má bhí gá, agus stóráladh iad seo sa tseirbhís réamhscoile.

**Caidrimh Thacaíochta**

- Tar éis comhrá a dhéanamh leis na baill foirne, cuireadh in iúl do na cigirí go raibh eolas laethúil faoi na leanaí tugtha do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí ag am bailithe nó trí ghlaonna gutháin.
- Bhí straic leabhar aonair ag gach leanbh, le saothar ealaíne, téamaí, spéiseanna agus tuairimí na bpáistí curtha le chéile iontu. Bronntar gach leabhar ar na tuismitheoirí ag deireadh na scoilbhliana. Bailítear saothar ealaíne breise agus tugtar do thuismitheoirí ag deireadh gach seachtaine iad.
- Tugadh faoi deara go raibh an fhoireann cineálta agus comhbhách leis na páistí réamhscoile. Le linn idirghníomhaíochtaí, léirigh an fhoireann go raibh aithne mhaith acu ar na páistí, ag aithint agus ag luacháil a gcuid riachtanas, spéiseanna agus foghlama.
- D'éist an fhoireann leis na páistí agus thug siad rogha agus chur siad na páistí ar a shuaimhneas nuair a bhí sé ag teastáil. Bhí an bhfoireann agus na páistí le feicéal ag stáisiúin oibre éagsúla, ag déanamh taos súgartha, ag dathú pictiúir na Cásca agus bhí roinnt páistí ag nascadh slata maighnéadacha, ag tógál bloic thógála agus bhí páiste amháin le feicéal sa chúinne baile ag breathnú ar leabhair scéalta. An t-am ar fad bhí an fhoireann ag caint leis na páistí agus ag tabhairt moladh dearfach as a n-éachtaí agus a gcuid foghlama.
- Bhí na páistí le feicéal ag súgradh sa limistéar súgartha lasmuigh fresin, bhí siad ag spraoi le bloic thógála, ag marcaíocht ar scútair agus ag súgradh le gaineamh san abhantrach gainimh.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint

Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.

### Faisnéis maidir le Comhlíonadh:

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

- Bhí doras isteach na seirbhíse daingnithe chun rochtain neamhúdaraithe nó leanaí a chosc ag dul amach gan mhaoirseacht.
- Bhí an limistéar súgartha lasmuigh slán chun cosc a chur ar leanaí dul amach gan mhaoirseacht.
- Bhí na bréagáin agus trealamh súgartha a bhí in úsáid ag na leanaí ar lá na cigireachta ag breathnú sábháilte agus in ord maith oibre.
- Stóráladh táirgí glantacháin agus ábhair ghuaiseacha go sábháilte agus as teacht ar na páistí.

**Rialú Ionfhabhtuithe:**

- Éascaíodh dea-chleachtais sláinteachais láimhe trí uisce te, gallúnach leachtach agus tuáillí láimhe páipéir a sholáthar.
  Déanadh cinnte go raibh lámha na bpáistí nite tar éis spraoi taobh amuigh roimh ithe agus tar éis dóibh a srón a shéideadh.
  Bhí boscaí bruscair coise ar fáil chun dramhaíl a dhiúscairt agus d'úsáid daoine fásta agus na leanaí iad sa seomra súgartha agus sna leithris.

**Coladh Sábháilte:**

- Bhí suíocháin bhog a bhí easca le glanadh sa limistéar cúin le haghaidh scíthe a ligean. Bhí rogha leabhair agus bréagáin éagsúla agus ábhair súgartha sa limistéar ceanna. Bhí an rogha ag na páistí scíth a ligean nó sos a ghlacadh ó ghníomhaíochtaí i gcúinne ciúin le suíocháin leordhóthanach.

### Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

**Sábháilteacht Ghinearálta**

1. Bhí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar fáil don bheirt bhall foirne agus don soláthraí cláraithe. Mar sin féin, níor dátaíodh ceann amháin de thrí nochtadh grinnfhiosrúcháin laistigh de na trí bliana roimhe sin de réir Fhógra Rialála na Cigireachta Luathbhlianta 'EYI-RN12.3 Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána'.

**Gníomh arna sheoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe**

Ar an 26/05/2025 chuir an soláthraí cláraithe in iúl do na nithe seo a leanas

**Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach**

**Sábháilteacht Ghinearálta**

Rinneadh iarratas chun grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a athnuachan díreach tar éis an iniúchta. Tá meabhrúchán bliantúil curtha ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaid agus chun grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a athnuachan.

**Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach**

**Sábháilteacht Ghinearálta**

Sheol an duine i gceannas ríomhphost ar an 2/4/2025 ag rá go raibh iarratas déanta ar imréiteach grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

Sheol an duine i gceannas ríomhphost ar an 2/5/2025 chuig oifig chigireacht na luathbhlianta le cóip de dheimhniú nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.

**Nóta Tráchta Achomair**

Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Tugadh aghaidh leordhóthanach ar an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh faoi Rialachán 23 Pointe 1 faoi Shábháilteacht Ghinearálta.

**Cuid VI - Sábháilteacht**

**Rialachán 25 - Garchabhair**

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—*

*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*

*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Chuir an tseirbhís fianaise ar fáil go raibh duine oilte i ngarchabhair agus ar fáil do na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile. Bhí oiliúint ag ball foirne amháin i bhfreagróir garchabhrach (FAR).

(2)(a) Bhí bosca garchabhrach le míreanna ábhair laistigh de dháta, stóráilte go sábháilte, éasca le theacht ar agus stóráilte in áit fheiceálach sa réamhscoil.

(b) Léirigh an tseirbhís go raibh an bosca garchabhrach feistithe go hiomlán agus ar fáil do na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*<br>*(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*<br>*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*<br>*(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1)(a) Bhí taifead scríofa ar fáil de na druileanna dóiteáin míosúla a cuireadh i gcrích sa tseirbhís. Taifeadadh an druil dóiteáin deireanach ar an 27/03/2025.<br>(b) Bhí taifid bhliantúil ar fáil maidir le líon, cineál agus cothabháil trealaimh comhraicthe dóiteáin déanta ar an 24/10/2024.<br>Bhí taifid ar fáil maidir leis an gcóras aláraim braite deataigh agus dóiteáin don áitreabh, bhí an tseirbhís bhliantúil dheireanach déanta ar an 24/10/2024.<br>(4) Bhí fógraí le feicéal laistigh den seirbhís le na nósanna imeachta a bhí le leanúint i gcás tine sa áitreabh. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Bhí árachas leordhóthanach ag an tseirbhís réamhscoile le dáta éaga 27/03/2026 do sheirbhís seisiúnach le 22 leanbh. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2021GY003 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Naíonra Realt na Mara |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Scoil na bhForbacha, Cnocán an Bhodaigh, Na Forbacha, Galway, Co. Galway |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | H91 RR60 |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Áine Ní Thuatháil |

| | |
|---|---|
| **Service type:** | Sessional |

| | |
|---|---|
| **Date of Inspection:** | 28/03/2025 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 19 | PM | n/a |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Tusla - Child and Family Agency, Early Years Inspectorate, Quality Assurance Directorate, Clinical & Administration Building, Block A- (1st Floor-Green Corridor), Merlin Park, Galway |
| **Inspection undertaken by:** | F. Nic Dhonnacha & Fergal Duffy Inspection and Regulation Manager |
| **Title:** | Early Years Inspectors |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | Not Applicable |

## Description of service

This sessional service is located in a purpose-built premises on the grounds of Scoil na bhForbacha, in Furbo village, in county Galway. The pre-school comprises of one playroom, with an office and adjacent sanitary areas. The preschool offers an Early Childhood Care and Education (ECCE) and sessional care programme from 9.00am to 12.00pm Monday to Friday. The pre-school service is provided through the medium of Irish. A quiet rest area is provided in the playroom, to facilitate a child to rest or opt out of activity. The pre-school children have access to a secure outdoor play area to the side of the premises for children's physical play activities, exploration, and fresh air. A child centred play-based curriculum focusing on emerging interests is offered.

## Staffing

The registered provider is supernumerary; she works in the school and is not in the preschool service on a daily basis. There are a total of two staff excluding the registered provider, currently working in the service with a Quality and Qualifications Ireland (QQI) at a minimum of a Level 5, Early Childhood Care and Education.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance, health, welfare and development of child and safety. The inspection may also focus on other areas as required.

The inspection plan was to assess compliance under the following regulations:

Regulation 9 Management and recruitment

Regulation 11 Staffing levels

Regulation 15 Record of pre-school child

Regulation 19 Health Welfare and Development of Child

Regulation 23 Safeguarding health, safety and welfare of child

Regulation 25 First aid

Regulation 26 Fire Safety

Regulation 28 Insurance

However, on inspection additional non-compliance which posed a risk was identified under Regulation 23. These findings are outlined within the relevant regulation within this report.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non -compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspectors wish to acknowledge the cooperation of the registered provider, person in charge, additional staff member and children who were present on the day of the inspection.

| Part III – Management and Staff |
|---|
| **Regulation 9 – Management and recruitment** |

*(1) A registered provider shall ensure that-*

*(a)the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,*

*(b)at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and*

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

**Compliance Information**

(1)(a) The registered provider was the person in charge and there was a named manager and deputy available in the service.

(b) The registered provider called to the preschool when the early years inspectors arrived for an introduction and returned for the feedback meeting. Staff rosters indicated that either the person in charge or deputy were available, on the premises, during the operation of the pre-school service.

(2)(a) Three staff files were reviewed in the service on the day of inspection; they included the two staff and registered provider.

Five of the six required written validated references, on file were from a past employer.

(b) One of the six written validated references on file were from a source other than the past employer.

(c) Garda vetting disclosures had been obtained for the two staff and registered provider. However, the service did not adhere to the re-vetting timeframes as outlined in the Early Years Inspectorate Regulatory Notice, requiring services to renew Garda vetting every three years. Please refer to the

information outlined under regulation 23 of this report.

(d) Not applicable, as no staff had lived outside the jurisdiction, for longer than 6 months, while over the age of 18 years and thereby did not require police vetting.

(4) Two staff members and the registered provider held a Quality and Qualifications Ireland (QQI) at a minimum of a Level 5, in Early Childhood Care and Education. Copies of qualifications were on file for the two staff.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 11 - Staffing levels

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(3) Subject to paragraph (5), a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 2 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) therefore at that reference number is satisfied.*

*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)-*

*(c) a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that, where the person in charge operates the service single-handedly, a second person familiar with the operation of the service and in a position to provide assistance to the person in charge in operating the service is, at all times, within close distance of the service and available to attend the service to assist the person in charge in the event of an emergency.*

### Compliance Information

(1) At all times during the period of the inspection, the person in charge ensured that an adequate number of staff were working directly with the children.

(3) Documentary evidence in the form of attendance records and staff rosters indicated that adult child ratios were adhered to.

On the morning of the inspection, there were 19 pre-school children aged between 3 and 5 years.

There were two childcare staff working directly with the children. Additionally, the registered provider works in the national school and assisted with some administration aspects of the inspection.

(8)(c) The service was not operated single-handedly, as there was a designated person in charge and additional staff working in the pre-school service.

## Part IV – Information and Records

### Regulation 15 – Record of pre-school child

*(1) A registered provider of a pre-school service other than a pre-school service in a drop-in centre or a temporary pre-school service shall ensure that a record in writing is kept in respect of each pre-school child attending the service containing the following particulars:*

*(a) the name and date of birth of the child;*

*(b) the date on which the child first attended the service;*

*(c) the date on which the child ceased to attend the service;*

*(d) the name and address of a parent or guardian of the child and a telephone number where that parent or guardian or a relative or friend of the child can be contacted during the hours of operation of the service;*

*(e) authorisation for the collection of the child;*

*(f) details of any illness, disability, allergy or special need of the child, together with all the information relevant to the provision of special care or attention;*

*(g) the name and telephone number of the child's registered medical practitioner;*

*(h) record of immunisations, if any, received by the child;*

*(i) written parental consent for appropriate medical treatment of the child in the event of an emergency.*

### Compliance Information

(1) Records were randomly selected and reviewed for 10 of the 19 children who were attending the service. The records reviewed contained the following particulars:

(a) The name and date of birth of each child.

(b) The date on which each child first attended the service.

(c) There was an area on the registration form where the date when a child would cease to attend the service will be recorded.

(d) The names, addresses and telephone number of parents were recorded and information where parents can be contacted during the hours of operation of the service were also available.

(e) Names and contact details of other adults who were authorised to collect children were available.

(f) The documentation available supported the recording of specific illnesses, allergies, disabilities and dietary preferences for children.

(g) The name, address and telephone number of each child's general practitioner (GP) was recorded.

(h) Parents had indicated which immunisations their children had received.

(i) There was written parental consent for medical treatment of children in the event of an emergency

## Part V - Care of Child in Pre-school Service

### Regulation 19 - Health, welfare and development of child

*(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*

*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and*

### Compliance Information

**Basic Needs(1)(a)**

- There was a healthy eating policy available for parents and guardians to view if necessary. Suitable and varied food and drinks were observed on the day of inspection. Parents provided the food for the children attending the sessional service. A selection of fruits, ham and cheese sandwiches, rice cakes, yogurts, brown bread and pasta was observed by the inspectors. Each child had their own water bottle available throughout the session. Perishable items from the children's lunch boxes were stored in the service fridge. The staff sat with the children and had their snack while chatting to the children at the same time.
- The preschool children were supervised washing their hands by the staff before eating, after blowing their nose, after messy play and after toileting.
- All children were toilet trained and used the toilet independently or with supervision from the staff if required.
- The children had the freedom to move about in the playroom in the different interest areas.
- All the children played in the outdoor play area during the inspection period while being supervised by the staff.
- The children had spare clothes, coats and hats available, if required, and these were stored in the preschool service.

**Supporting Relationships**

- Following discussion with the staff members, the inspectors were informed that daily information about the children was given to parents and guardians at collection time or by phone call.
- Each child had their own individual scrapbook, with artwork, themes and the children's interests and observations collated together. Each book was given to parents at the end of the school year. Additional artwork was gathered and given to parents at the end of each week.

- The staff were noted to be kind and caring towards the preschool children. During observed interactions, the staff demonstrated that they knew the children well, recognising and valuing their needs, interests and learning.
- The staff listened to the children and provided choice and reassurance when required. The staff and children were observed at different workstations, making play dough, colouring Easter pictures while some children were connecting magnetic rods, building blocks and one child was observed in the home corner looking at story books. All the time the staff were talking to the children and providing positive praise for their achievements and learning.
- The children were observed playing in the outdoor play area with building blocks, riding on scooters and playing with sand in the sand basin.

## Part VI - Safety

### Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

### Compliance Information

**General Safety:**

- The entrance door to the service was secured to prevent unauthorised access or children exiting unsupervised.
- The outdoor play area was secure to prevent children exiting unsupervised.
- Toys and play equipment observed in use by children on the day of inspection were safe and in good working order.
- Cleaning products and hazardous materials were stored safely and out of reach of the children.
- The wheelie bins were inaccessible in a secure location to the side of the premises.
- The staff carried out daily risk assessments for both the indoor and outdoor play areas and records were maintained.

**Infection Control:**

- Good hand hygiene practices were facilitated through the provision of warm water, liquid soap and paper hand towels.
- Children’s hands were washed after outdoor play and before eating, and after blowing their noses.
- Foot pedal operated bins were available for the disposal of waste and were used by both adults and children.

**Safe Sleep:**

- The designated rest and relaxation area had soft wipeable seating with a selection of books and various toys and play materials. The children had the option of taking a rest or a break from activities in a quiet corner with adequate seating.

## Non-Compliance Information

**General Safety:**

1. Garda vetting was available for three staff members. However, one of two vetting disclosures were not dated within the previous three years in adherence to with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice 'EYI-RN12.3 Renewal of Garda Vetting'.

## Action submitted by the Registered Provider

On the 26/05/2025 the registered provider advised of the following

**Corrective & Preventive Action**

**General Safety:**

An application was made to renew the Garda vetting immediately after inspection. A yearly reminder has been set up to review the files and renew the Garda vetting's.

**Supporting documentation submitted**

**General Safety:**

The person in charge sent an email dated 2/4/2025 stating an application had been made for Garda vetting clearance.

The person in charge sent an email dated 2/5/2025 to the office of the early year's inspectorate with a copy of the Garda vetting disclosure certificate.

## Summary Comment

The inspector has reviewed the actions and evidence submitted. The non-compliance identified under Regulation 23 Point 1 under General Safety has been adequately addressed.

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 25 - First aid** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*<br>*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.* |
| **Compliance Information** |
| (1) The service provided evidence that a person trained in first aid was available to the children attending the pre-school service. One staff had training in first aid responder (FAR).<br>(2)(a) There was a first aid box with content items within date, safely stored, easily accessible and stored in a conspicuous position in the preschool.<br>(b) The service demonstrated that the first aid box was fully equipped and available to the children attending the pre-school service. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 26 - Fire safety measures** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* |
| **Compliance Information** |
| (1)(a) A written record was available of the monthly fire drills completed in the service. The last recorded fire drill was in 27/03/2025.<br>(b) Records were available in relation to the number, type, and maintenance of fire-fighting equipment with the annual service dated 24/10/2024. |

Records were available in relation to the smoke and fire detection alarm system for the premises the last annual service was dated 24/10/2024.

(4) Notices were displayed within the service of the procedures to be followed in the event of fire in the premises.

## Part VI - Safety

### Regulation 28 - Insurance

*A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.*

**Compliance Information**

The preschool service had adequate insurance with an expiry date of 27/03/2026 for a sessional service with 22 children.